


# Acmhainní oideachais i nGaeilge ar logainm.ie

Is suíomh Gréasáin é **www.logainm.ie** chun an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar c.100,000 áit ar fud na tíre a chur ar fáil don phobal. Tá **www.logainm.ie** á fhorbairt ag Fiontar, DCU i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**www.logainm.ie**

Bunachar Logainmneacha na hÉireann | Placenames Database of Ireland

## Acmhainní bunscoile

Tá na hacmhainní seo dírithe ar ar dhaltaí sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil. Oireann na hacmhainní seo do cheantar ar bith sa tír. Tá sé scéim oibre ar fáil, ceann amháin mar réamhrá don ábhar logainmneacha agus cúig cinn bunaithe ar théamaí éagsúla.

| **Ceachtanna** | |
|---|---|
| 1. Logainmneacha a chur i láthair | 4. Ainmhithe agus éin |
| 2. Tíreolaíocht | 5. An muileann |
| 3. Crainn agus coillte | 6. Sióga |

## Acmhainní iar-bhunscoile

Tá na hacmhainní seo dírithe ar dhaltaí san idirbhliain, ach is féidir leas a bhaint astu ag leibhéil eile freisin.

- Tá **10 n-aonad teagaisc** sna hacmhainní seo, bunaithe ar théamaí éagsúla. Tá ailt eolais agus ceachtanna ag gabháil le gach aonad.
- Tá **paca acmhainní** ar fáil a chuideoidh leis na daltaí tabhairt faoi thionscadal taighde agus foghlama i réimse na logainmneacha ina gceantar féin.
- Tá **gluais idirghníomhach** i bhfeidhm ar théacs na n-aonad chun focail dheacra a mhíniú.
- Tá **comhad fuaime** ag gabháil le cuid de na haonaid. Is míreanna den chlár raidió *Sloinne agus Seoladh* (RTÉ Raidió na Gaeltachta) atá sna comhaid fuaime seo. Tá athscríobh na míreanna ar fáil freisin mar aon le ceisteanna do na daltaí.

| **Ceachtanna** | |
|---|---|
| 1. Logainmneacha a chur i láthair | 7. Flóra agus fána |
| 2. Aonaid gheografacha agus riaracháin na tíre | 8. Léargas ar an nGaeilge trí logainmneacha |
| 3. Gnéithe fisiciúla sna logainmneacha | 9. Sráidainmneacha agus logainmneacha nua |
| 4. Tionchar na Críostaíochta ar na logainmneacha | 10. Tráth na gceist |
| 5. Tionchar lonnaitheoirí ar na logainmneacha | Treoracha le haghaidh tionscadail taighde |
| 6. Béarlú na logainmneacha | |

## Cluichí oideachais idirghníomhacha

Tá cluichí oideachais idirghníomhacha don bhunscoil agus don iar-bhunscoil ar fáil ar logainm.ie ag **www.logainm.ie/Cluichi/**. Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil: crosfhocail, cuardaigh focal, cluichí meaitseála agus cluichí *tarraing agus scaoil*. Tá siad bunaithe ar na hacmhainní oideachais statacha atá ar fáil ag **www.logainm.ie/scoil/?uiLang=ga.**

## Acmhainní tríú leibhéal

Cuirtear na hacmhainní seo ar fáil mar áis do léachtóirí/ theagascóirí, do mhic léinn tríú leibhéal agus don phobal i gcoitinne. Tá siad dírithe ar bhunchéimithe atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus modúl ar logainmneacha mar ábhar léinn acu. Tá na hacmhainní a leanas ar fáil mar áis chun modúl ar logainmneacha na hÉireann a theagasc: imlíne cúrsa ina bhfuil plean i gcomhair 11 léacht, leaganacha forbartha de dhá léacht shamplacha ('Saothar na Scoláirí agus Taighde an lae inniu' agus 'Mionlogainmneacha na hÉireann'), mar aon le leabharliosta cuimsitheach ina bhfuil na tagairtí iomlána do na leabhair agus do na saothair eile a luaitear i bpleananna na léachtaí.

| **Léachtaí atá san imlíne cúrsa** | |
|---|---|
| 1. Logainmneacha a chur i láthair | 7. Béarlú |
| 2. Cúigí, contaetha agus barúntachtaí; gramadach | 8. Mionlogainmneacha na hÉireann |
| 3. Tionchar na Luath-Chríostaíochta | 9. Ainmneacha pearsanta na Gaeilge |
| 4. Bailte fearainn agus rannta eile | 10. Sloinnte |
| 5. Léiriú ar thaighde agus anailís ar ainmneacha na mbailte fearainn | 11. Saothar na scoláirí agus taighde an lae inniu |
| 6. Foinsí Gaeilge, Béarla agus Laidine | |

Chruthaigh Fiontar (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta) ábhar na n-acmhainní agus d'fhorbair Modello Design Ltd. na hacmhainní idirghníomhacha féin. Mhaoinigh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) cruthú na n-acmhainní oideachais idirghníomhacha.

Is féidir teacht ar na hacmhainní seo uile ag **www.logainm.ie/scoil**

Fiontar, DCU, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ríomhphost: **logainm@dcu.ie**
Gréasán: www.logainm.ie

DCU
www.logainm.ie
Bunachar Logainmneacha na hÉireann
Placenames Database of Ireland
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta




# Educational Resources in Irish on logainm.ie

www.logainm.ie is a Web site which provides the public with the official Irish-language versions of approximately 100,000 places throughout the country. www.logainm.ie is being developed by Fiontar, DCU in collaboration with the Placenames Branch of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.

**www.logainm.ie**

Bunachar Logainmneacha na hÉireann | Placenames Database of Ireland

## Primary school resources

These educational resources in Irish are aimed at pupils in senior primary school classes. The resources are suitable for any area in the country. There are six work schemes available, one of which is an introduction to the general topic of placenames and the other five are thematic.

| Lessons | |
|---|---|
| 1. Introduction to placenames | 4. Animals and birds |
| 2. Geography | 5. The mill |
| 3. Trees and forests | 6. Fairies |

## Post-primary school resources

These educational resources are aimed at transition year students but they may be used at other levels also.

- There are **10 teaching units** each based on various themes. An information section and activities accompany each unit.
- An **information pack** is available to help pupils undertake a research and learning project on the theme of placenames in their own localities.
- An **interactive glossary** explains difficult words which are highlighted in the text.
- **Sound files** are available with some of the units. They are sections from the radio programme *Sloinne agus Seoladh* (RTÉ Raidió na Gaeltachta). Transcriptions are also available, as well as questions for pupils.

| Teaching Units | |
|---|---|
| 1. Introduction to placenames | 7. Flora and fauna |
| 2. Geographical and administration units | 8. Insight into the Irish language through placenames |
| 3. Physical features in placenames | 9. Street names and new placenames |
| 4. The influence of Christianity on placenames | 10. Quiz |
| 5. The influence of settlers on placenames | Research project guidelines |
| 6. The Anglicisation of placenames | |

## Interactive educational resources

Interactive educational resources for primary and post-primary schools are now available on logainm.ie at **www.logainm.ie/Cluichi/**. The following resources are available: crosswords, word searches, matching games, *drag and drop* games. The resources are in Irish and are based on the static educational resources available at **www.logainm.ie/scoil/?uiLang=en**.

## Third level resources

These resources are available as a resource for lecturers/tutors, for third-level students and for the public in general. They are aimed at undergraduates who are studying Irish and taking a module on placenames. The following resources are available as an aid for teaching a module on Irish placenames: a course outline which contains a plan for 11 lectures, developed versions of two sample lectures ('Work of the Scholars and current Research' and 'Minor placenames of Ireland'), as well as a comprehensive reading list which includes a complete reference list of all books and works mentioned in the lecture plans.

| Lectures in course outline | |
|---|---|
| 1. Introduction to placenames | 7. Anglicisation |
| 2. Provinces, counties and baronies; grammar | 8. Minor placenames of Ireland |
| 3. The effect of Early Christianity | 9. Irish personal names |
| 4. Townlands and other divisions | 10. Surnames |
| 5. Research and analysis of townland names | 11. Work of the Scholars and current Research |
| 6. Irish, English and Latin sources | |

The content for these resources was developed by Fiontar (DCU), in collaboration with the Placenames Branch (Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht). Modello Design Ltd. developed the interactive features. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) funded the development of the interactive educational resources.

All of these resources may be found at **www.logainm.ie/scoil**

Fiontar, DCU, Dublin City University
Email: **logainm@dcu.ie**
Web: www.logainm.ie